



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Cáipéis eolais agus treoir d'fhorbairt ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta

Meitheamh 2022

1. RÉAMHRÁ	- 1 -
2. CÚLRA	- 2 -
Comhthéacs Beartais Idirnáisiúnta	- 2 -
Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe - á nascadh le chéile	- 2 -
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.....	- 3 -
Comhthéacs Beartais Náisiúnta	- 5 -
Achoimre ar an Rannóg	- 6 -
3. GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE SA CHURACLAM	- 8 -
<i>Aistear</i>	- 8 -
Curaclam na Bunscoile	- 8 -
An tSraith Shóisearach	- 9 -
An tSraith Shinsearach	- 10 -
Achoimre ar an Rannóg	- 11 -
4. DEARCTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA Ó CHURACLAM MEÁNSCOILE SINSEARAÍ	- 12 -
An Nua-Shéalainn	- 12 -
Cén chaoi a ndéantar eolas a eagrú?.....	- 12 -
Cé na scileanna a dtugtar tús áite dóibh?	- 14 -
Cén chuma a bhíonn ar mheasúnú?	- 14 -
Albain	- 15 -
Cén chaoi a ndéantar eolas a eagrú?.....	- 15 -
Cé na scileanna a dtugtar tús áite dóibh?	- 15 -
Cén chuma a bhíonn ar mheasúnú?	- 16 -
An Astráil	- 17 -
Cén chaoi a ndéantar eolas a eagrú?.....	- 17 -
Cé na scileanna a dtugtar tús áite dóibh?	- 18 -
Cén chuma a bhíonn ar mheasúnú?	- 19 -
Achoimre ar an Rannóg	- 20 -
5. CEISTEANNA LE MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU	- 21 -

Scóip agus struchtúr na sonraíochta.....	- 21 -
Foghlaim laistigh agus lasmuigh den seomra ranga	- 21 -
Guth an scoláire agus gníomhú.....	- 23 -
Oideolaíochtaí chun tacú le foghlaim	- 23 -
Toilleadh	- 25 -
Achoimre ar an Rannóg	- 26 -
6. TREOIR DON FHORBAIRT AR GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA.....	- 27 -
TAGAIRTÍ.....	- 29 -

1. Réamhrá

An tAthbheithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. Déanann an tuarascáil taifead agus freagraíonn sí ar thuairimí na múinteoirí, an scoláire, na dtuismitheoirí, na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn an athbheithnithe ceithre bliana ar conas a d'fhéadfadh an tSraith Shinsearach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais ár ndaoine óga uile. Cuireann sé bunús láidir faoi athfhorbairt chéimnithe na Sraithe Sinsearaí sna blianta amach romhainn.

I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbheithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – idir ábhair agus mhodúil – agus an gá atá le comhpháirteanna nua den churaclam a mheas. Chuir an tuarascáil chomhairleach bonn eolais faoi phlean an Aire maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí, lena n-áirítear ábhar nua Ardteistiméireachta a thabhairt isteach *Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe* i mí Mheán Fómhair 2024. Is sa pháipéar seo a thugtar cúlra faoin bhforbairt ar an ábhar agus tá sé mar bhonn taca ag comhairliúchán ina bhféachfar le tuairimí réimse páirtithe leasmhara a fháil, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile agus an scoláire chun rannchuidiú le forbairt sonraíochta don ábhar nua seo.

Cuirtear tús leis an bpáipéar seo le comhthéacs stairiúil agus staid reatha Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a fhiosrú mar choincheap agus réimse foghlama a bhaineann go díreach leis an ábhar seo, lena n-áirítear an réimse de ghníomhú ar son na haeráide. Cuirtear forléargas i láthair maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe san áit a bhfuil siad comhtháite faoi láthair i gcuraclam na hÉireann. Féachann an páipéar ar roinnt dlínsí idirnáisiúnta chun na réimsí foghlama a fhiosrú faoin mbealach a múintear agus a meastar na réimsí foghlama seo. Meastar na himpleachtaí d'orduithe beartais éagsúla agus tionscnaimh náisiúnta i bhfianaise roinnt deiseanna agus dúshlán a bhíonn roimh fhorbairt ábhar nua amhail *Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe*, roimh threoir mholta a leagan amach d'fhorbairt na sonraíochta.

2. Cúlra

Leagann an roinn seo amach na tionscnaimh bheartais, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, atá ábhartha d'fhorbairt Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta.

Comhthéacs Beartais Idirnáisiúnta

“Is é an dúshlán is mó atá romhainn ná ár bpláinéad a choimeád sláintiúil. Is é sin an fhreagracht is mó sa tráth seo den stair. Táim ag iarraidh go mbeadh an Eoraip ar an gcéad mhór-roinn neodrach ó thaobh na haeráide de ar domhan faoi 2050. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór dúinn céimeanna cróga a dhéanamh le chéile.”

(Ursula von der Leyen, 2019).

Léiríonn focail Uachtarán an AE ina hóráid tionscnaimh an ardtosaíocht atá leagtha go hidirnáisiúnta ar an ngéarchéim aeráide. Tá an t-athrú aeráide, faoi thionchar an chine dhaonna, ag déanamh dochar dár bpláinéad, ina bhfuil gáis ceaptha teasa ar a leibhéal is airde a taifeadh riamh sa stair. Agus na héifeachtaí ón athrú aeráide go forleathan ag géarú, tá méadú ag teacht ar ghanntanas bia agus díghrádú comhshaoil. Méadaítear leochaileachtaí thart timpeall ar dhíláithriú daoine, mar aon le héagobhsaíocht mar thoradh ar choinbhleachtaí amhail an cogadh san Úcráin, spleáchais ar bhreoslaí iontaise agus cuirtear cruth ar chaidrimh idirnáisiúnta. Is fadhb chastachta idirnasctha í an ghéarchéim aeráide a chuireann cruth ar mhórán réimsí amhail an geilleagar, an todhchaí, an cultúr agus an pholaitíocht. Ní féidir gníomhú ar athrú aeráide a mheas as féin ó ghníomhartha i dtreo domhan níos inbhuanaithe.

Ag an gComhdháil ar Athrú Aeráide i bPáras in 2015 (COP21), chomhaontaigh 195 tír gealltanas ar fud an domhain chun téamh domhanda a choimeád faoi 2 chéim Celsius. Tá sé aitheanta go bhfuil céimeanna ag teastáil chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus an aidhm seo a bhaint amach go gearrthéarmach, go meántéarmach agus go fadtéarmach. Aithníonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) (2022) go bhfuil oideachas, mar aon le cúram sláinte agus sábháilteacht shóisialta, lárnach chun dul i ngleic le dúshlán timpeallachta. Le breis agus 30 bliain anuas, tá beartas agus cleachtas oideachais ag forbairt sa réimse seo, agus tá neart oibre le déanamh go fóill.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe - á nascadh le chéile

Tá gníomhú ar son na haeráide mar chroí-chomhpháirt d'fhorbairt inbhuanaithe. Rinneadh forbairt inbhuanaithe, a tugadh le tuiscint tríd is tríd mar fhorbairt a théann i ngleic le riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglúnta a bheidh le teacht dul i ngleic lena riachtanais siúd, a leagan amach ar dtús i 1987 ag an gCoimisiún Domhanda ar Thimpeallacht agus Forbairt i dtuarascáil *Our Common Future* (arb iondúil go dtugtar Tuairisc Brundtland uirthi). Chuir na Náisiúin Aontaithe an coincheap chun cinn in 2002 agus ghlac sé le hOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (OFI) tar éis an Chruinnithe Mullaigh ar Fhorbairt Inbhuanaithe lena lean Deich mBliana Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (2005-2014) a sheol EOECA, an phríomhghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe do OFI. Aithníodh an OFI seo mar aidhm fhoriomlán de shároideachas agus príonsabail, luachanna agus cleachtais na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú i ngach gné den oideachas agus den fhoghlaim. Féachann sé ar OFI mar phróiseas oideachais chun forbairt an duine a bhaint amach i dtrí réimse – eacnamaíoch, sóisialta, agus timpeallacht.

Maidir le OFI ina theannta sin:

- cumasaíonn sé foghlaimeoirí le heolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí chun cinntí eolacha a dhéanamh agus bearta freagracha a ghlacadh le haghaidh iontaofacht chomhshaoil, inmharthanacht gheilleagrach agus sochaí chóir a chumasaíonn gach duine, sna glúnta reatha agus i nglúnta amach anseo, fad is a léirítear meas ar éagsúlacht chultúrtha
- is próiseas foghlama ar feadh an tsaol é agus tá sé mar dhlúthchuid den oideachas ardchaighdeán a fheabhsaíonn gnéithe cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha agus iompair foghlama
- tá sé iomlánaíoch agus athraitheach agus cuimsíonn sé ábhar agus torthaí foghlama, oideolaíocht agus an timpeallacht foghlama í féin
- aithnítear é mar phríomháisitheoir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile agus baineann sé a chuspóir amach ach an tsochaí a athrú

(EOECNA, 2020, lch 8)

In athbhreithniú le gairid ar chreatchuraclaim náisiúnta in os cionn 100 tír, thairg EOECA (2021a, lch 12) roinnt torthaí agus moltaí ar oideachas athrú aeráide, lena n-áirítear:

- Ba chóir go mbeadh oideachas athrú aeráide mar phríomh-chomhpháirt den churaclam i ngach tír - níl ach 53% de chreatchuraclaim náisiúnta ann a bhfuil trácht ar athrú aeráide, le 40% breise le híosábhar san áireamh.
- Ba chóir oideachas athrú aeráide a chuimsiú ar fud gach leibhéal agus disciplín foghlama.
- Ní mór go gcuimseodh foghlaim atá dírithe ar ghníomhú le comhthábhacht leagtha ar 'cloigeann', 'croí' agus 'lámha' trí churaclam agus oideolaíochtaí iomlánaíocha.

Tríd an gclár OFI, oibríonn EOECA chun oideachas a dhéanamh níos lárnaí agus níos feiceálaí mar chuid de fhreagairt idirnáisiúnta ar athrú aeráide. Tá athrú aeráide ar cheann de na príomhthosaíochtaí téamacha ar chlár oibre OFI de chuid EOECA. I mí na Bealtaine 2021 ag Comhdháil Dhomhanda EOECA faoi OFI, ghlac os cionn 70 aire agus 2,800 páirtí leasmhar oideachais agus timpeallachta [Dearbhú Bheirlín OFI](#), lena bhfuil athrú aeráide ina chroílár. Geallann sé, faoi 2025, a chinntiú

'...go bhfuil OFI mar ghné bhunúsach de chórais oideachais ar gach leibhéal, le gníomhú ar son na haeráide agus na timpeallachta mar phríomhghné churaclaim, agus dearcadh iomlánaíoch á choinneáil ar OFI a aithníonn idirghaolmhaireacht gnéithe uile na forbartha inbhuanaithe.'

(EOECNA 2021, lch 2)

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Agus ag tógáil ar an tuiscint leathan ar fhorbairt inbhuanaithe i dTuairisc Brundtland, tá sé tugtha le tuiscint go bhfuil OFI ag feidhmiú mar chreat seanbhunaithe chun foghlaimeoirí ar gach aois a ullmhú le haghaidh 'cath idir bás agus beatha' (Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, i EOECA 2020, lch iii) mar pháistí agus daoine óga a ghlacann le gníomhú astu féin agus i ngrúpa ar bhonn práinne áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Maidir le *Oideachas d'Fhorbairt Inbhuanaithe: Treochlár* (EOECNA, 2020), leagann sé amach creat domhanda chun clár oibre EOECA: OFI 2020-2030 a chur i bhfeidhm, a leagann béim ar rannpháirtíochtaí oideachais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach. Foilsíodh é in 2016, tá SDGanna uileláithreach anois i gcorcail oideachasúla agus níos faide ó bhaile agus tá siad lárnach i gClár Oibre d'Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030. Agus oideachas aitheanta mar chumasóir chun na 17 Aidhm Dhomhanda a bhaint amach, is aidhm ann féin é mar SDG

4 - Oideachas ar Ardchaighdeán. Tá líon spriocanna i gceist agus Sprioc 4.7 dírithe ar OFI. Tá sé aitheanta nach féidir SDGanna a bhaint amach gan daoine a chur ar an eolas faoi fhorbairt inbhuanaithe.



Fíor 1 - Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (EOECNA, 2020, lch 12)

Is aidhm ar leith é Gníomhú ar son na hAeráide, SDG 13, atá suite laistigh d'aidhmeanna níos leithne. Luaitear oideachas arís i gcomhthéacs gníomhú ar son na haeráide - Tá sé mar aidhm ag Sprioc 13.3 'Oideachas a fheabhsú, feasacht a mhéadú agus cumas daonna agus institiúideach ar mhaolú athrú aeráide, oiriúnú, laghdú tionchair agus réamhrabaidh'. Chun na críche seo, tá léargas dearfach i dtreo an dá aidhm a bhaint amach (SDG 4 agus SDG 13) sa mhéid agus go bhfuil (i) oideachas um shaoránacht dhomhanda agus (ii) oideachas don fhorbairt inbhuanaithe príomhshruthaithe i (a) mbeartais oideachais náisiúnta; (b) i gcuraclaim; (c) in oideachas múinteoirí; agus (d) i measúnú scoláire. Leagann an méid sin béim ar nádúr atá nasctha le chéile de ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe agus an luach iad araon a leabú sa churacclam.

Comhthéacs Beartais Náisiúnta

Bhí sé mar aidhm ag an gcéad Straitéis Náisiúnta de chuid na hÉireann ar Oideachas le hAghaidh Forbairt Inbhuanaithe (2014-2020) a chinntiú go gcuireann ár gcóras oideachais forbairt inbhuanaithe ar fáil tríd an méid seo a leanas:

“...an t-eolas ábhartha a thabhairt d’fhoghlaimoirí (‘céard’), na príomh-mheonta agus scileanna (‘cén chaoi’) agus na luachanna (‘cén fáth’) a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad ar feadh a saoil chun bheith ina saoránaigh eolacha gníomhacha a rachaidh i mbun gnímh ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe” (ROS, 2014, Ich 13).

Maidir leis an gcéad Straitéis Náisiúnta, a foilsíodh i dtreo dheireadh Dheich mBliain an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe] (2005-2014) de na Náisiúin Aontaithe, bhí sé ann roimh chlár oibre OFI na Náisiúin Aontaithe 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna). Rinne an straitéis seo dul chun cinn tábhachtach chun OFI a leabú in oideachas na hÉireann, lena n-áirítear OFI a chomhtháthú sa churaclam sna leibhéil ar fad agus [iniúchadh 2018](#) a rinne CNCM de dheiseanna agus naisc OFI sa churaclam. Tháinig foilseachán d’ [iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta 2021](#) ina dhiaidh sin a rinne CNCM a chuir deiseanna ar fáil chun ról OFI sa churaclam agus sa mheasúnú ó leibhéal na luathóige go dtí leibhéal na sraithe sinsearaí a bhreithniú. Tá tuairisc ar an dá athbhreithniú seo foilsithe ar [ncca.ie](#).

Déanann Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 agus 2021 gníomhartha a shainaithear maidir le forbairtí curaclaim d’oideachas aeráide. Iarrann plan 2019 athbhreithniú a dhéanamh ar churaclam na scoile le haghaidh athrú aeráide ar bhonn leanúnach. Leagann plan 2021 amach an gníomh chun litearthacht aeráide a thógáil i gcuraclam na bunscoile agus na meánscoile. Baineann litearthacht aeráide le daoine óga a chumhachtú chun eolas casta a thuiscint faoin bpláinéad (Rialtas na hÉireann, 2021, Ich 60). Tuigeann duine atá liteartha ó thaobh na haeráide de tionchar na haeráide ar shochaí agus a tionchar ar an aeráid. Ina theannta sin, maidir le duine atá liteartha ó thaobh na haeráide (NOAA, Milár & Sládek, 2011, Ich 152)

- tuigeann siad na príomhphrionsabail de gach gné i gcóras an Domhain a rialaíonn pátrúin aeráide.
- tá a fhios acu conas eolas a bhailiú faoin aeráid agus faoin aimsir, agus conas idirdhealú a dhéanamh idir foinsí eolaíochta iontaofa agus dochreidte ar an ábhar.
- déanann siad cumarsáid faoin aeráid agus athrú aeráide ar bhealach taitneamhach agus fiúntach.
- déanann siad cinntí eolaíochta a mbíonn bonn eolais fúthu agus a bhíonn freagrach maidir leis an aeráid.

Aithníonn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide tábhacht an oideachais chun litearthacht aeráide a fheabhsú chun ‘cur lenár gcumas athruithe beaga a dhéanamh go laethúil, dul i ngleic le gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil, agus páirt a ghlacadh ar leibhéal náisiúnta chun an beartas a chomhdhearadh’ (Rialtas na hÉireann, 2021, Ich 60). I mí Aibreáin 2021, d’athsheol an tAire Norma Foley, TD agus an tAire Simon Harris, TD comhairliúchán poiblí ar fhorbairt an dara Straitéis Náisiúnta ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe go 2030. Tá an dara Straitéis Náisiúnta, OFI go 2030, ailínithe go hionchais OFI de chuid EOECA do threochlár 2030 agus leagann sé amach dlúth-thiomantas do SDG 4, sprioc 4.7, a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú

faoin mbliain 2030, go sealbhaíonn gach foghlaimoir an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc

nithe eile, trí oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cur chun cinn cultúr síochána agus neamhfhóireigin, saoránacht dhomhanda agus léirthuisicint ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar thábhacht an chultúir maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Achoimre ar an Rannóg


Thug oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe, agus gníomhú ar son na haeráide atá mar chroí-chomhpháirt den réimse foghlama seo, céim mhór chun tosaigh i gciorcail oideachasúla Éireannacha agus idirnáisiúnta. Bhí comhghaol dlúth idir teacht chun cinn SDGanna agus obair EOECA chun oibriú i dtreo OFI 2030 agus iarrachtaí náisiúnta chun OFI a chuimsiú, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Tugadh isteach straitéis náisiúnta ar OFI in 2014
- Rinneadh comhairle ar an dara straitéis náisiúnta agus tugadh isteach í in 2022
- Rinne CNCM iniúchadh curaclaim ar OFI in 2018, a shainathin deiseanna chun tógáil ar chleachtais reatha agus naisc fhéideartha idir na téamaí in *Aistear: Creachuraclam na Luath-óige* agus idir na hábhair éagsúla i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.
- Tháinig iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta ar OFI in 2021, a rinne CNCM, iniúchadh a chuir deiseanna ar fáil chun ról OFI sa churaclam agus sa mheasúnú ó leibhéal na luathóige go dtí leibhéal na sraithe sinsearaí a bhreithniú.

Tá amlíne bheartais, a chuimsíonn na forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta, curtha i láthair i bhFíor 2 thíos.

Ar na treonna beartais a bheidh i gceist amach anseo le haghaidh gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe tá:

- suíomh leanúnach de ghníomhú ar son na haeráide mar chroí-chomhpháirt de OFI
- oideachas ar athrú aeráide dírithe ar ghníomhú trí churaclam iomlánaíoch agus oideolaíochtaí
- lítearthacht aeráide a chur chun cinn i scoileanna agus sa tsochaí
- gníomhú ar son na haeráide agus OFI a leabú sa churaclam.



Fíor 2 - Amlíne bheartais d'fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta OFI

3. Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe sa churaclam

Amhail curaclaim idirnáisiúnta eile, tá gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe comhtháite i gcur chuige traschuraclaim agus trasearnála in Éirinn. Cuireann an chuid seo léargas den chomhtháthú seo agus aithníonn sí forbairtí atá níos ábhartha d'fhorbairt na sonraíochta seo.

Aistear

In *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*, tá súgradh mar bhonn ar 12 phrionsabal atá nasctha le chéile, agus tá 'Páistí mar Shaoránaigh' ar cheann acu. Glacann an prionsabal seo le cearta agus freagrachtaí an pháiste, lena n-áirítear cúram a thabhairt dá chéile agus don timpeallacht (CNCM, 2009, lch 8). Tá *Aistear* á nuashonrú faoi láthair ag CNCM agus tugann an comhairliúchán cuireadh do pháirtithe leasmhara na hathruithe ar eispéiris na bpáistí ar scoil agus i sochaí na hÉireann a mheas agus machnamh a dhéanamh ar an méid a thacaíonn an creat le forbairt agus foghlaim na bpáistí a chur chun cinn i saol ina bhfuil méadú ar éagsúlacht. Foilseofar an creat nuashonraithe go deireanach in 2023.

Curaclam na Bunscoile

Tá sé mar aidhm ag Curaclam na Bunscoile atá ann faoi láthair, ar a rinneadh athbhreithniú in 1999, 'a chur ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí' (ROS, 1999, lch 6). I gcuraclam na bunscoile, is féidir bonn eolais a chur faoi gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe trí réimsí curaclaim amhail Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE), lena mbaineann feasacht chomhshaoil agus cúram a chothú trí staidéar a dhéanamh ar stair, tíreolaíocht agus eolaíocht.

Aithníonn Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile an riachtanas atá le bheith freagrúil i saol a bhíonn ag athrú i gcónaí, agus luaitear go sonrach athrú aeráide, inbhuanaitheacht, imirce dhaonna agus athruithe geopholaitiúla (CNCM, 2020, lgh 1-3). Is féidir ábharthacht eile a aimsiú i bpríomhinniúlachtaí an dréachtchreata. Tá sé mar aidhm ag an bpríomhinniúlacht 'bheith i do shaoránach gníomhach' an méid seo a leanas a dhéanamh:

“na páistí a chothú leis an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcthaí, na luachanna agus na meonta a spreagann agus a chumasaíonn iad mar shaoránaigh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun maireachtáil go cóir, go hinbhuanaithe agus le meas ar chearta daoine eile. Cabhraíonn sé le páistí a bhfuil ag tarlú sa domhan a cheistiú, a thuiscint agus léirmheas a dhéanamh air i gcomhthéacs chearta an duine, comhionannas agus ceartas sóisialta. Cuireann sé cleachtas dhaonlathacha i gcroílár an phróisis foghlama. Forbraíonn an inniúlacht seo acmhainn agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht gníomhach fhiúntach sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal domhanda, agus cothaíonn sí a gcumas le cur go dearfach agus go comhbhách le cruthú domhain atá níos inbhuanaithe agus níos córa.”

(Ibid, lch 7)

Cuirfear an curaclam athfhorbartha i láthair ina chúig réimse curaclaim leathana. Sna réimsí seo, is faoin dréachtchreat (CNCM, 2020) atá sé tagairtí a dhéanamh do chineálacha eolais, inniúlachtaí agus meonta a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. Mar shampla, léiríonn an réimse curaclaim Folláine an tábhacht go bhforbródh an páiste braistint láidir cheangailteachta lena scoil, lena phobal agus i gcomhthéacsanna níos leithne, tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoaránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. Déanann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil cur síos ar an mbealach a ndéanann an páiste forbairt ar an tuiscint ar a dtimpeallachtaí daonna agus nádúrtha agus a gcaidrimh idir eatarthu (ibid).

An tSraith Shóisearach

Tá ocht bprionsabal, 24 ráiteas foghlama agus ocht bpríomhscil mar bhuntaca leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) a leagann amach fíis agus struchtúr oideachas na sraithe sóisearaí. Tá inbhuanaitheacht leabaithe sna ráitis foghlama, go sonrach in

- RF 10: tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe
- RF 7: tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.

Glacann an tSraith Shóisearach le cur chuige traschuraclaim chun inbhuanaitheacht a chomhtháthú. Ligeann an méid sin do mhúinteoirí agus don scoláire pleanáil le haghaidh múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht laistigh agus ar fud sonraíochtaí ar leith, agus ag aithint naisc inbhuanaitheachta idir ábhair. Tá torthaí foghlama a bhaineann go sonrach le hathrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe leagtha amach i líon ábhar (m.sh., in eolaíocht, tíreolaíocht, staidéar gnó, eacnamaíocht bhaile agus teicneolaíocht adhmaid).

Tá gearrchúrsa OSSP, a dhíríonn ar shaoránacht ghníomhach, ailínithe go díreach le heolas, scileanna agus meonta inbhuanaitheachta. Leagtar na torthaí foghlama amach faoi thrí shnáithe: Cearta agus freagrachtaí, Saoránacht dhomhanda, agus an Daonlathas a fhiosrú. Tar éis athbhreithniú curaclaim le déanaí, rinneadh athbhreithnithe chun tuilleadh béime a leagan ar athrú aeráide agus ar ghníomhú ar son na haeráide.

Tá líon eagraíochtaí agus scoileanna ar fud na tíre tar éis forbairt a dhéanamh ar ghearrchúrsaí i réimsí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide, tar éis treoirlínte CNCM chuig scoileanna faoi ghearrchúrsaí a fhorbairt.

An tSraith Shinsearach

Tá sé shonraíocht don tsraith shinsearach deartha go teimpléad comónta agus d'fhaomh an Chomhairle iad sa tréimhse idir 2016 agus 2019. Is do na hábhair seo a leanas na sonraíochtaí seo: An Pholaitíocht agus an tSochaí (tugtha isteach in 2016), Corpoideachas (tugtha isteach in 2017), Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht, Ríomheolaíocht (ar fad tugtha isteach in 2018), Matamaitic Fheidhmeach (tugtha isteach in 2019).

Agus ag tógáil ar chur chuige traschuraclaim CNCM, tá foghlaim a bhaineann le hinbhuanaitheacht cuimsithe i roinnt de na sonraíochtaí a forbraíodh le déanaí don tsraith shinsearach. Tá gné ag Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta sa snáithe aontach ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a chuireann comhthéacs ar fáil ina bhfeidhmíonn an eacnamaíocht sa lá atá inniu ann (CNCM, 2018a). I ríomheolaíocht, le go leor de na comhthéacsanna a úsáidtear chun an t-eolas agus tuiscint ar an ríomheolaíocht a fhiosrú, tugtar deiseanna chun gnéithe praiticiúla agus eiticíúla na ríomhaireachta a phlé, agus chun machnamh a dhéanamh ar úsáid ríomhairí agus na teicneolaíochta a bhaineann leo ó pheirspectíocht na sochaí de (CNCM, 2018b).

Baineann Eolaíocht Talmhaíochta agus an Pholaitíocht agus an tSochaí de chuid na hArdteistiméireachta le struchtúir churaclaim le naisc láidre le OFI. Tacaíonn an Pholaitíocht agus an tSochaí le OFI tríd an eolas agus na scileanna a fhorbraítear ar fud na gceithre shnáitheanna uile: Cumhacht agus cinnteoireacht; Saoránacht ghníomhach; Cearta agus freagrachtaí an duine, agus Domhandú agus logánú; tá siad ar fad lárnach don oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe. Lena chois sin, tugann Topaic 8, Forbairt Inbhuanaithe, deiseanna den chéad scoth don scoláire a bheith ag plé leis an réimse foghlama seo (CNCM, 2019, lch 12). Is téama leathan é 'inbhuanaitheacht' san Eolaíocht Talmhaíochta. Ach an fhoghlaim a nascadh agus a chomhtháthú sna ceithre shnáithe, athneartófar idirspéachas ghnéithe eolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta na hEolaíochta Talmhaíochta. Trí dhírú ar thionchar ghníomhaíocht an duine agus a thábhachtaí atá bainistíocht fhreagrach ar ithreacha (Cuid 2.3), ar bharr (Cuid 3.3) agus ar ainmhithe (Cuid 4.3) forbraíonn an scoláire feasacht ar an ngá atá le hacmhainní nádúrtha a fhorbairt agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda (CNCM, 2018c, lch 10). Baineann tagairtí sonracha freisin leis an tionscal agraibhia a chur chun cinn agus an tionscal sin a chosaint ó dhúshlán an athraithe aeráide, agus ról ithreacha chun an aeráid a rialú.

Achoimre ar an Rannóg

- Is féidir foghlaim a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a fháil sa churaclam san oideachas luathóige, sa bhunscoil agus san iar-bhunscoil.
- Maidir leis an gcur chuige traschuraclaim a úsáidtear chun foghlaim inbhuanaitheachta a bhaint amach le hailíniú ingearach agus cothrománach a chinntiú sa churaclam ó luathóige go dtí an tsraith sinsearach.
- Aithníonn anailís ar churaclam atá ann faoi láthair, ar bhealaí éagsúla, fianaise ar ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe i gcuraclam na hÉireann atá ann faoi láthair agus a chomhtháthú trí struchtúir agus cuir chuige éagsúla lena n-áirítear
 - Prionsabail mar bhun taca
 - Ráitis foghlama
 - Príomhscileanna agus inniúlachtaí
 - Téamaí/gnéithe trasghearrtha
 - Inneachar a shonraítear i spriocanna/torthaí foghlama.

4. Dearcthaí Idirnáisiúnta ó churaclam meánscoile sinsearaí

Cuireadh foghlaim ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe i gcrích go hidirnáisiúnta ar bhealaí difriúla. Chun cur síos a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar fhoghlaim agus measúnú Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, tá léargas curtha ar fáil den méid a bheadh san áireamh i ndoiciméadú curaclaim sa mheánscoil shinsearach le haghaidh trí dháilínse, le béim ar leith ar chuir chuige le gníomhú ar son na haeráide mar chroí-chomhpháirt den forbairt inbhuanaithe. Cé nach ábhar ann féin é sna dlínsí seo, is féidir ceachtanna a fhoghlaim faoi dhul i ngleic leis an réimse níos leithne d'inhuanaitheacht, atá ina bhunchloch de ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe, mar thosaíocht traschuraclaim.

An Nua-Shéalainn

Tosaíonn oideachas éigeantach sa Nua-Shéalainn ag 6 bliana d'aois, cé go dtosaíonn formhór na bpáistí ar scoil agus iad 5 bliana d'aois. Bíonn oideachas luath-óige roimhe. Tá oideachas meánscoile éigeantach go dtí bliain 11, aois 16. Clúdaíonn [Curaclam na Nua-Shéalainne](#) blianta 1-13 (aois 5-18). Ar leibhéal meánscoile sinsearaí (na haoiseanna 15-18), tá tionchar ag an gcuraclam maidir le rogha na n-ábhar don scoláire don [Teastas Oideachais Náisiúnta \(NCEA\)](#).

Cén chaoi a ndéantar eolas a eagrú?

Tá trí phríomhghné i gceist in Oideachas don Inbhuanaitheacht (OI) mar a chuimsítear é i [gCuraclam na Nua-Shéalainne](#):

- An ghné eacnamaíoch: dlí na timpeallachta, úsáid talaimh inbhuanaithe, forbairt thionsclaíoch inbhuanaithe, oideachas fiontair inbhuanaithe, bainistíocht acmhainní, caitheamh agus caomhnú fuinnimh, turasóireacht inbhuanaithe, tomhaltachas glas, dáileadh cóir acmhainní, trádáil chóir.
- An ghné shoch-chultúrtha/shochpholaitiúil: cothromas agus cothroime, dearcthaí cultúrtha, folláine iomlán, oideachas síochána, freagracht phearsanta agus shóisialta um ghníomh, cathanna na gcultúr dúchais.
- An ghné thimpeallachta: litearthacht thimpeallachta, athrú aeráide, córais tacaíochta saoil éiceolaíoch, taighde agus imscrúdú, eolas agus tuiscint ar bhithéagsúlacht, idirspeáchas, eolas ar an timpeallacht, speiceas a tugadh isteach.

Deir an [bunús](#) sa Treoir Theagaisc agus Foghlama le haghaidh OFI in oideachas meánscoile sinsearaí (aoiseanna 15-18) go bhfuil sé tábhachtach staidéar a dhéanamh ar OI mar 'bimid ag brath ar an timpeallacht le haghaidh gach rud'.

Bealach amháin nó eile, tagann na deiseanna atá againn - nó a bheidh againn riamh - ar ais go dtí an timpeallacht. Mar sin, is tábhachtach an bealach a gcaithimid leis an timpeallacht. Tugann OI an dúshlán don scoláire na cineálacha machnaimh agus iompair a forbairt a chinnteoidh go mbeidh todhchaí ann (New Zealand Ministry of Education, 2010).

Tarraingítear aird sa bhunús ar thábhacht fhoghlaim an scoláire cleachtas a fhiosrú a chuireann an timpeallacht agus a n-áitritheoirí i mbaol, agus go bhfuil fadhbanna inbhuanaithe cruthaithe acu, sa chaoi agus gur féidir leo cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh conas maireachtáil sa saol agus bheith ar son athraithe. Baineann sé sin ó na blianta is luaithe den oideachas ar aghaidh.

D'fhéadfadh daoine léargais dhifriúla a bheith acu maidir le hinbhuanaitheacht. Don chúis seo, in Oideachas don Inbhuanaitheacht (OI), déanann páistí agus daoine óga meonta difriúla a fhiosrú agus a mheas, smaointe seanbhunaithe a athcheapadh, chomh maith le cleachtais agus treonna ailtéarnacha a mheas. Le tacaíocht a gcuid múinteoirí, is féidir leo úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama agus eolas nua a chruthú.

Ina theannta sin, is iad na [príomh-choincheapa](#)/smaointe móra atá cuimsithe sa churaclam OI ar fud na gcéimeanna ná:

- Inbhuanaitheacht: cumas na ndaoine aonair, na ngrúpaí, na bpobal agus na sochaithe chun bealaí smaointeoireachta agus iompraíochta a chur in úsáid a ligeann dóibh a gcuid riachtanas agus spriocanna a bhaint amach gan aon rud a bhaint de chumas na nglúnta de gach ní beo a riachtanais siúd a bhaint amach.
- Cothromas/cothroime: cuimsíonn sé seo meas do na nithe beatha uilig, an ceartas sóisialta, an cothromas idirghlúine, agus bainistíocht chóir na n-acmhainní teoranta.
- Idirspheáchas: idircheangailteacht na ndaoine agus na dtimpeallachtaí a thuigtear trí smaoinemh ar éiceachórais/bhithéagsúlacht, ar phobal, ar éagsúlacht chultúrtha, ar dhaonlathas, ar dhomhandú agus ar thrádáil chóir.
- Freagracht um ghníomh: na gníomhartha pearsanta agus sóisialta atá riachtanach le haghaidh saol inbhuanaithe, lena n-áirítear an choimirce (*kaitiakitanga*), gníomh a ghlacadh, an chinnteoireacht eolach, an tsaoránacht, an tomhaltachas machnamhach, an tionscnaíocht agus an fhiontraíocht, an athléimneacht agus an athghiniúint.

Tá Oideachas don Inbhuanaitheacht (OI) i [gCuraclam na Nua-Shéalainne](#) comhtháite i bhfoghlaím thraschuraclaim agus é mar aidhm aige na páistí agus na daoine óga a chumasú ciall a bhaint as na ceisteanna casta. Tá [cuspóirí foghlama](#) i gCuraclam na Nua-Shéalainne agus tá sé beartaithe go léireoidh siad seo an dul chun cinn san Oideachas don Inbhuanaitheacht, a bhféadfadh múinteoirí bheith ag súil leis thar Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 den churaclam (aois 15 go 18). Tá na spriocanna seo leagtha amach thar thrí shnáithe idirnasctha:

- eolas agus tuiscint
- dearcthaí agus luachanna
- ghníomhartha.

Ceaptar go bhfuil an scoláire in ann ciall a bhaint as na naisc laistigh agus ar fud na sraithe seo agus in ábhair eile amhail tíreolaíocht, sláinte agus bitheolaíocht. Baineann solúbthacht le dearadh clár foghlama OI, a fhad is go dtagann siad leis na cuspóirí foghlama. Ar cheann de na samhlacha a moladh tá cur chuige téamach a théann i ngleic le príomhcheisteanna amhail athrú aeráide, dídeanaithe timpeallachta, caillteanas bithéagsúlachta agus timpeallachtaí faoi bhagairt.

Agus iad ag bogadh ó Leibhéal 7 go 8, ceaptar go bhfuil an scoláire in ann a n-inniúlacht ghníomhaíochta a fhorbairt agus a smaointeoireacht chriticiúil, agus bogadh ó chur síos a dhéanamh ar thionchar daoine ar an timpeallacht, go pleanáil agus rannpháirtíocht i ngníomhaireacht dhearfach, trí ghníomhaíocht agus an tionchar a bhíonn aige air, go gearrthéarmach agus go fadtéarmach. Ag an am céanna, tarraingítear aird ó ghníomhaíocht threoraithe go ghníomhaíocht neamhspleách a bhfuil bonn eolais fúithi.

Baineann sraith táscairí le gach sprioc foghlama (samplaí de na hiompraíochtaí agus na hinniúlachtaí a d'fhéadfadh múinteoir a fheiceáil i scoláire atá ag gnóthú ar an leibhéal cuí), le samplaí de naisc choincheapa féideartha, treoir faoi mhionsaothraithe comhthéacsanna (comhthéacsanna le haghaidh foghlama, le moladh den bhealach a bhféadfaí iad a úsáid leis an sprioc foghlama).

Mar shampla, maidir le sprioc foghlama 7.4 luaitear go 'bhfaighidh an scoláire eolas, scileanna, agus taithí le haghaidh gníomhaíocht phearsanta a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas i gcomhair todhchaí inbhuanaithe'. Baineann naisc choincheapa le hinbhuanaitheacht shóisialta (m.sh., Athléimneacht, seisiún ina mbíonn béim ar ghníomh), timpeallachta (m.sh., Éiceachórais), chultúrtha agus eacnamaíoch (m.sh., Fiontraíocht). Tá samplaí de mhionsonraí comhthéacsanna curtha ar fáil, lena n-áirítear tacaíochtaí ar thionscnaimh atá spárálach ar fhuinneamh, lá glantacháin ar an trá agus comhdháil inbhuanaitheachta a óstáil.

Tá tuilleadh sonraí faoi na príomhtháscairí coincheapa i dtreoirlínte ábhar sonracha. In [Eacnamaíocht](#), mar shampla, déanann an scoláire fás eacnamaíoch a chur i gcomparáid agus a chur i gcodarsnacht le damáiste timpeallachta a tharlaíonn nuair a úsáideann táirgeoirí modhanna táirgthe neamh-inbhuanaithe. I [Staidéar Dlí](#), fiosaíonn an scoláire inbhuanaitheacht agus an timpeallacht mar cheist mhór. Foghlaimeoidh siad faoi chórais agus próisis dlí, agus feidhm na cúirteanna speisialta amháil an Chúirt Timpeallachta.

Cé na scileanna a dtugtar tús áite dóibh?

Cuireann OI [forbairt na bpríomhinniúlachtaí](#) chun cinn trí ghníomhaíochtaí foghlama a úsáid a théann i ngleic, a spreagann, a thugann dúshlán faoi ghníomhartha an scoláire agus an mhúinteora a chothaíonn fiosrúchán, plé, tuiscint, rannpháirtíocht ghníomhach agus machnamh. Is iad na príomhinniúlachtaí:

- Smaointeoireacht
- Teanga, siombailí agus téacsanna a úsáid
- Féinbhainistiú
- Caidreamh le daoine eile
- Rannpháirtíocht agus ionchur.

Tá sé mar aidhm ag OI san oideachas meánscoile sinsearaí an scoláire a chumhachtú le scileanna luachmhara, inaistrithe a fhorbairt chun:

- smaoinreamh go criticiúil agus go cruthaitheach faoi shaincheisteanna agus faoi réitigh
- amharc ar an domhan ó dhearthaí difriúla, go háirithe na cinn atá ábhartha don Nua-Shéalainn
- an chastacht a láimhseáil agus dul i ngleic le hathrú agus le héiginnteacht
- a bheith ina fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil atá idir nasctha agus muiníneach, le braistint freagrachta as folláine a dtíre agus an domhain
- smaointeoireacht agus gníomhartha a cheangal chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú ó thaobh na timpeallachta, go sóisialta, go cultúrtha agus go heacnamaíoch.

Cén chuma a bhíonn ar mheasúnú?

Bíonn réimse de [caighdeáin ghnóthachtála le haghaidh OI](#) ag Teastas Oideachais Náisiúnta (NCEA) ar féidir le scoileanna iad a úsáid chun dul i ngleic leis an scoláire meánscoile sinsearaí (Blianta 11-13, aois 15-18) i gcáilíochtaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht. Baineann na caighdeáin ghnóthachtála le measúnuithe inmheánacha agus seachtracha, is féidir a úsáid ar bhealaí éagsúla ag brath ar riachtanais an scoláire, agus faoin mbealach a bpleanálann an scoil a cláir OI. Is féidir iad a úsáid laistigh de chúrsaí inbhuanaitheachta tiomnaithe ar feadh bliana, a spreagann foghlaim i réimse disciplíní, nó iad a fhí isteach in ábhair shinsearach eile amháil tíreolaíocht, na heolaíochtaí, eacnamaíocht, agus gairneoireacht, nó laistigh de réimsí foghlama amháil teicneolaíocht agus na healaíona.

Ar na gnéithe measúnaithe le haghaidh caighdeáin Leibhéal 2 agus 3 OI (a dtugtar achoimre orthu in 'Education for Sustainability Matrix' ar an [leathanach gréasáin](#) seo) tá:

- gníomhartha pearsanta a chuireann le todhchaí inbhuanaithe

- tuiscint ar an timpeallacht bhithfhisiciúil
- tuiscint ar conas a bhíonn tionchar ag dearcthaí/luachanna pearsanta éagsúla ar thodhchaí inbhuanaithe/ inbhuanaitheacht
- tuiscint ar conas a bhíonn tionchar ag tionscnaimh agus polasaithe ar thodhchaí inbhuanaithe
- forbairt freagairtí comhoibríocha nó straitéisí eagraíochtúla le haghaidh todhchaí inbhuanaithe
- tuiscint ar inbhuanaitheacht i gcomhthéacsanna difriúla.

Albain

Tosaíonn oideachas éigeantach in Albain ag 5 bliana d'aois, agus tagann an luathfhoghlaim agus an cúram leanaí (ELC) roimhe. Tá oideachas meánscoile éigeantach go dtí Secondary 4 (S4), ag aois 16. Clúdaíonn [Curriculum for Excellence \(CfE\)](#) [Curaclam Barr Feabhais] na haoiseanna 3-18 agus tá sé roinnte ina chúig leibhéal. Le linn oideachas meánscoile sinsearaí, braitheann an curaclam a leantar ar Cháilíochtaí Náisiúnta rogha an scoláire, a bhíonn ar fáil i réimse leathan ábhar.

Bíonn na haidhmeanna agus na tosaíochtaí le haghaidh na Foghlama don Inbhuanaitheacht (Learning for Sustainability) (LfS) in Albain á socrú ag cúig mholadh straitéiseacha den Bhunfhís (2012) 2030+ Foghlaim le haghaidh Plean Gníomhartha Inbhuanaitheachta (atá ar fáil mar cháipéis Word [anseo](#)), ceann acu is ea gur chóir go mbeadh gach foghlaim i dteideal LfS.

Cén chaoi a ndéantar eolas a eagrú?

Déanann [Building the Curriculum](#), ar sraith treoir dhoiciméad í, roinnt tagairtí do ról agus d'áit Learning for Sustainability (LfS) laistigh den churaclam, ach ní shaincheapann siad ábhar curaclaim sonracha. Tá Curriculum for Excellence ceaptha mar chreat leathan, solúbtha chun cabhrú le scoileanna a gcuraclam a phleanáil. Is sraith ráiteas é na [hEispéiris agus Torthaí](#) ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn na bpáistí i ngach réimse curaclaim ó aois 3 go 15, agus úsáidtear iad chun foghlaim a phleanáil agus dul chun cinn a mheas. Tugtar tacaíocht do na hEispéiris agus Torthaí trí na [Tagarmharcanna](#), a chuireann soiléireacht ar fáil ar na caighdeáin náisiúnta a mbeifí ag súil leo laistigh de gach réimse curaclaim ag gach Leibhéal Curaclam Barr Feabhais (CfE).

Míníonn an [Climate Change in Scottish Education Briefing – Lúnasa 2019](#) go bhfuil na réimsí curaclaim d'eolaíochtaí, teicneolaíochtaí, staidéar sóisialta, sláinte agus folláine, agus oideachas reiligiúnach agus morálta ag tabhairt deiseanna foghlama maidir le hathrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear prionsabail mhórálta a nascann chuig freagracht dhaonna don timpeallacht (lch 2). Tugann an Treoir Eolais samplaí den bhealach a bhfuil na fadhbanna san áireamh in Na hEispéiris agus na Torthaí do Churaclam Barr Feabhais (Curriculum for Excellence).

Cé na scileanna a dtugtar tús áite dóibh?

Cuireann [Building the Curriculum 3: a Framework for Learning and Teaching](#) (Rialtas na hAlban, 2008) an creat ar fáil chun an curaclam a phleanáil. Tarraingítear aird ar fhorbairt inbhuanaithe atá mar cheann de na téamaí curaclaim tábhachtacha (fiontraíocht, saoránacht, forbairt inbhuanaithe, oideachas idirnáisiúnta, agus cruthaitheacht) ar gá iad a fhorbairt i réimse comhthéacsanna (lch 23). Chun an méid sin a bhaint amach, tá foghlaim a bhaineann leis na téamaí seo fite fuaite in [Eispéiris agus Torthaí](#).

[Building the Curriculum 4: Skills for Learning, Skills for Life and Skills for Work](#) (Rialtas na hAlban, 2009). Déanann an cháipéis seo cur síos ar scileanna don fhoghlaim, don saol agus don obair. Cuireann sé treoir ar fáil ar fhorbairt na scileanna seo trí raon de ghníomhaíochtaí praiticiúla agus deiseanna níos

leithne laistigh den churaclam. Ar a liosta de shamplaí tá gníomhaíochtaí forbartha inbhuanaithe, amhail gníomhaíocht timpeallachta agus phobail agus rannpháirtíocht sa [Chlár Éicea-Scoileanna](#) (lch 22).

Cén chuma a bhíonn ar mheasúnú?

Le linn oideachas meánscoile sinsearaí (aoiseanna 15-18) tugann an scoláire faoi líon Cúrsaí Náisiúnta, a mbíonn [Cáilíochtaí Náisiúnta](#) seachtracha faofa mar thoradh orthu chun tacú le Curriculum for Excellence. Is éard atá sna Cáilíochtaí Náisiúnta cáilíochtaí in ábhar amháin, a bhíonn ar fáil i réimse leathan ábhar, roinnt acu a chuimsíonn riachtanais shonracha le haghaidh na Foghlama don Inbhuanaitheacht (Learning for Sustainability) (LfS), mar shampla [eolaíocht imshaoil](#) agus [dearadh agus teicneolaíocht](#).

Faoi mar atá mínithe in [Climate Change in Scottish Education Briefing](#) (2019), baineann an t-athrú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite go dlúth leis na Cáilíochtaí Náisiúnta a forbraíodh chun tacú le Curriculum for Excellence. Cuireann na cáilíochtaí seo deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoirí chun staidéar a dhéanamh ar na cúiseanna agus na héifeachtaí d'athrú aeráide agus a dtuiscint a fhorbairt ar ghnéithe eolaíochta, tíreolaíochta, teicneolaíochta agus polaitiúla na faidhbe.

Braitheann an t-inneachar a chuirtear ar fáil ar na cáilíochtaí aonair, mar atá leagtha amach i sonraíochtaí cúrsa forbartha ag Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA), an chomhlacht atá freagrach as cáilíochtaí a chreidiúnú agus a bhronnadh. Tá líon cáilíochtaí in ábhair éagsúla a chuireann deiseanna ar fáil chun foghlaim faoi LfS. Mar shampla, sa [tsonraíocht cúrsa](#) don cháilíocht Náisiúnta 5 in Eolaíocht Timpeallachta, deir sé:

Is ábhar idirdhisciplíneach í Eolaíocht Imshaoil a tharraingíonn ó na heolaíochtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Téann eolaithe timpeallachta i ngleic le fadhbanna amhail athrú aeráide domhanda, truailliú, úsáid acmhainní uisce agus talaimh, agus athruithe i ngnáthóga fiadhúlra. Baineann an cúrsa le tuiscint ar phrionsabail eolaíochta, tionchair eacnamaíochta, agus gníomhú polaitiúil (lch 29).

Maidir le measúnacht na hoibre cúrsa, atá scoilbhunaithe le tuarascáil críochnaithe seolta chuig an SQA le haghaidh marcála, baineann tasc ar fiú 20 marc é, ina ndéanann an scoláire 'scileanna, eolas agus tuiscint a chur i bhfeidhm trí thurgnamh a dhéanamh nó nós allamuigh agus ábhar a fhiosrú atá ábhartha d'eolaíocht imshaoil' (lch 21). Is é an measúnú eile ná scrúdú ar fiú 100 marc é. Is iad na cáilíochtaí eile a chuireann deiseanna ar fáil foghlaim faoi athrú aeráide agus a thionchair ná staidéir nua-aimseartha, tíreolaíocht, staidéar reiligiúnach, morálta agus fealsúnachta agus eolaíocht innealtóireachta.

An Astráil

Tosaíonn páistí san Astráil an bunoidreachas ag thart ar 5 bliana d'aois sa Bhliain Bhonnleibhéil. Bogann siad go hoideachas iar-bhunscoile i mBliain 7 nó 8, ag aois 12 nó 13. Tá [Early Years Learning Framework](#) (Creat Foghlama na Luathbhlianta) ann do pháistí idir 0 agus 5 bliana d'aois agus tá Bonnleibhéal go Bliain 10 i gCuraclam na hAstráile ([F-10 Australian Curriculum](#)), d'aoiseanna 5-16. Ba iad Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) a d'fhorbair Curaclam F-10, agus baintear úsáid as i ngach stát agus críoch de chuid na hAstráile.

I mblianta 11 agus 12, thacaigh an Chomhairle d'Airí Oideachais Feidearálach, Stát agus Críoch le 15 [ábhar meánscoile sinsearaí](#) mar bhunús comónta le haghaidh forbairt cúrsaí stát agus críoch. Tá curaclam meánscoile sinsearaí faoi thionchar na n-ardteistiméireachtaí stáit nó críche, amhail [Teastas Oideachais Queensland \(Queensland Certificate of Education\)](#), [Teastas Oideachais Victoria \(Victorian Certificate of Education\)](#) agus an [Teastas Ardscoile \(Higher School Certificate\)](#), agus rogha ábhar an scoláire chun dul i dtreo na gcáilíochtaí seo.

Cén chaoi a ndéantar eolas a eagrú?



Fíor 3 - Australian Curriculum [Curaclam F-10 na hAstráile] (Curaclam ón mBunrang go Bliain 10)

Tá achoimre de Churaclam F-10 [Australian Curriculum for Foundation to Year 10 \(F-10 Curriculum\)](#) (aoiseanna 5-16), i bhFíor 3 thuas, lena n-áirítear Inbhuanaitheacht mar thosaíocht traschuraclaim, a dtugtar fúithi i ngach ceann de réimsí foghlama an churaclaim. Tá sé eagraithe thar cheithre príomhchoincheap de chórais, dearcadh ar an domhan, deardh, agus todhchaíocha, agus tugtar tuilleadh sonraí orthu trí ghrúpa de smaointe eagrúcháin.

Cuireann gach [réimse foghlama i gCuraclam na hAstráile](#) (Béarla; matamaitic; eolaíocht; na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta; na healaíona; na teicneolaíochtaí; sláinte agus corpoideachas; teangacha agus an 15 [ábhar meánscoile sinsearaí](#) (atá roinnte idir na ceithre réimse de Bhéarla, matamaitic, eolaíocht, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta) ar bhealaí difriúla le hInbhuanaitheacht mar thosaíocht traschuraclaim, agus leis na príomhchoincheapa agus na smaointe eagrúcháin. Mar shampla:

- baineann inneachar le roinnt acu a chuireann ar chumas an scoláire obair le córais éiceolaíocha agus daonna agus chun léirthuisct a thabhairt dá n-idirspleáchas
- cuireann roinnt eile le cruinneshamlacha a fhorbairt a theastaíonn ón scoláire chun gníomhú ar mhaithe le domhan atá níos córa go sóisialta agus go héiceolaíoch a chruthú
- cuireann cuid eile inneachar ar fáil a thugann dúshlán don scoláire todhchaíochtaí inbhuanaithe a mheas agus dearadh agus gníomh a dhéanamh a aithníonn tionchair eacnamaíocha, sóisialta agus timpeallachta teilgte don todhchaí.

Tá gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe comhtháite laistigh de na cuir síos ar inneachar de na 15 [ábhar meánscoile sinsearaí](#). Éascaíonn na teicneolaíochtaí, mar shampla, breithniú de thodhchaíochtaí roghnaithe a mheas. Nuair a dhéanann an scoláire fadhb, riachtanas nó deis a shainiú agus cur síos uirthi; smaointe agus coincheapa a cheapadh; agus réitigh a chruthú, tugann siad príomhbhreithniúchán d'inhuanaitheacht trí thionchair eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta a mheas agus a chothromú. Díríonn an curaclam ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna atá riachtanach le gníomhú inbhuanaitheachta éifeachtach a cheapadh, ag cur san áireamh ceisteanna ar nós ídiú acmhainní agus athrú aeráide.

Trí staidéar a dhéanamh ar theangacha, déanann an scoláire forbairt ar eolas agus tuiscint faoi inbhuanaitheacht laistigh de chomhthéacsanna cultúrtha ar leith, atá riachtanach i gcomhthéacs inní náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi, mar shampla, athrú aeráide, ganntanas bia agus bealaí ailtéarnacha eile chun cúram a thabhairt don talamh agus don talmhaíocht.

Cé na scileanna a dtugtar tús áite dóibh?

Trí na príomhchoincheapa agus na smaointe eagrúcháin i gcomhair na hInbhuanaitheachta mar thosaíocht thraschuraclaim i gcuraclam F-10, forbraíonn an scoláire an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na cruinneshamlacha chun:

- córais éiceolaíocha agus dhaonna, chomh maith leis na bealaí ina mbíonn córais shóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta ag idirghníomhú chun tacú le beatha an duine agus chun í a chothabháil a thuiscint, agus chun meas a bheith acu ar a n-idirspleáchas
- cruinneshamlacha a fhorbairt chun gníomh a ghlacadh ar mhaithe le domhan atá níos córa go sóisialta agus go héiceolaíoch a chruthú
- éagsúlacht na ndearcthaí agus na luachanna a mbíonn tionchar acu ar an bhforbairt inbhuanaithe a thuiscint agus meas a bheith acu dóibh
- ról na nuálaíochta agus na cruthaitheachta i dtaca le réitigh a dhearadh a chaomhnaíonn córais timpeallachta, shóisialta agus eacnamaíocha nó a thugann siad ar ais a thuiscint
- a bheith ag smaoineamh agus ag gníomhú ar bhealaí a chruthóidh todhchaí a bheidh cothrom, inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir go sóisialta agus go héiceolaíoch, agus chun páirt chriticiúil chomh maith le gníomh cruthaitheach a ghlacadh maidir le bealaí saoil atá níos inbhuanaithe a aimsiú
- cinntí níos cothroime a dhéanamh atá bunaithe ar éifeachtaí reatha agus éifeachtaí amach anseo.

Sa churaclam meánscoile sinsearaí, bíonn tuilleadh deiseanna ann don scoláire scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt a thugann an deis dóibh dul i ngleic le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe de réir mar is cuí don disciplín atá idir lámha acu. I nDomhaneolaíocht agus Eolaíocht Imshaoil, mar shampla, foghlaimíonn an scoláire faoin gcúis agus faoin tionchar atá ag guaiseacha Domhain agus athrú aeráide domhanda agus iad ag forbairt scileanna maidir le cur síos a dhéanamh ar

fhianaise, í a mhíniú, tuiscint a chur i bhfeidhm, anailís a dhéanamh agus ciall a bhaint as fianaise, feiniméin a fhiosrú, próisis, éilimh agus conclúidí a mheas, chomh maith le tuiscintí, torthaí, argóintí agus conclúidí a chur in iúl. I dTíreolaíocht, ceapann agus pleanálann an scoláire fiosrúcháin thíreolaíocha, bailíonn siad eolas tíreolaíoch, déanann siad taifead ar an méid a fheiceann siad, déanann siad patrúin agus treochtaí a shainaithint chun na hidirchaidrimh a thuiscint idir athrú cumhdach talaimh agus athrú aeráide domhanda nó cailteanas bithéagsúlachta.

Cén chuma a bhíonn ar mheasúnú?

Is féidir gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú sna siollabais/sonraíochtaí cáilíochta do na hábhair ar leith a roghnaíonn an scoláire chun staidéar a dhéanamh in oideachas meánscoile sinsearaí, agus a chuireann le hardteistiméireachtaí stáit nó críche. In Queensland, mar shampla, tá an t-athrú aeráide ina phríomhchuid den [siollabas](#) sinsearach le haghaidh Domhaneolaíochta agus Eolaíocht Imshaoil, ábhair ar féidir leis an scoláire staidéar a dhéanamh orthu chun cur le [Teastas Oideachais Queensland \(Queensland Certificate of Education\)](#). Déantar an chomhpháirt seo a mheas trí mheasúnú (scoilbhunaithe) inmheánach 20%, a mbíonn iniúchadh taighde i gceist leis. Cuirtear an méid sin le measúnú scoilbhunaithe 30% breise i réimse na n-acmhainní in-athnuaite agus neamh-inathnuaite, a thugann measúnú scoilbhunaithe iomlán de 50%. Is scrúdú an 50% eile, a mharcáiltear go seachtrach. Cuirtear treoracha marcála atá sonracha don uirlis ar fáil do mhúinteoirí chun tacú lena mbreithiúnais fianaise a chuirtear isteach don mheasúnú inmheánach.

Achoimre ar an Rannóg

Cé go mbíonn sé teacht ar dhlínse ina bhfuil gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe mar ábhar ar leith, cuireann na tíortha roghnaithe roinnt dearcthaí idirnáisiúnta ar fáil maidir le conas a eagraítear eolas, an tús áite a thugtar do scileanna agus an chuma a bhíonn ar mheasúnú.

- Sna dlínsí idirnáisiúnta a scrúdaíodh, tá foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe mar thosaíocht traschuraclaim, comhtháite ag úsáid coincheapa eagraíochtúla, torthaí foghlama, príomhsmaointe agus téamaí.
- Tarraingíonn réimse ábhair shonracha aird ar idirnascacht na mbunchloch shóisialta, eacnamaíoch, timpeallachta, pholaitiúil agus chultúrtha. Cuireann réimse disciplíní lena n-áirítear eolaíocht agus teicneolaíocht, gnó, na healaíona, na daonnachtaí agus staidéar sóisialta, sláinte agus folláine, oideachas reiligiúnach agus morálta deiseanna ar fáil chun foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.
- Agus an scoláire ag dul ar aghaidh go hoideachas meánscoile sinsearaí, bíonn tuilleadh béime ar ghníomh neamhspleách a mbíonn bonn eolais faoi agus iad ag dul i ngleic le fadhbanna casta.
- Tá aird dírithe ar fhorbairt scileanna chun cur ar chumas an scoláire dul i ngleic go héifeachtach le ceisteanna maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. Baineann na scileanna seo le cumas an scoláire eolas a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú, cinntí eolacha a dhéanamh, cumarsáid a dhéanamh, obair le daoine eile agus dul i bhfeidhm orthu, smaoineamh go criticiúil, smaoineamh i gcórais, féachaint ar an domhan ó dhearcthaí éagsúla, idirbheartaíocht a dhéanamh ar chastacht agus éiginnteacht, agus todhchaíocht inbhuanaithe a dhearadh.
- Déantar measúnú laistigh de réimsí ábhair. Tá raon cuir chuige ann chun gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a mheas a bhaineann le gníomhaíocht an scoláire a spreagadh, lena n-áirítear obair thionscadail agus obair chúrsa.

5. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

Rinne Éire dul chun cinn suntasach chun gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus dul chun cinn a dhéanamh leis. Baineadh an méid sin amach trí raon iarrachtaí ó bheartas go cleachtas, i scoileanna agus i seomraí ranga, ar fud gníomhaireachtaí éagsúla agus i bpobail áitiúla. Agus muid ag cur tús le 'deich mbliain de ghníomhú' EOECA, tá sé mar aidhm ag an straitéis náisiúnta OFI go 2030 cur le SDG 4 ar oideachas ar ardchaighdeán agus ionchuimsitheach chun oideachas ábhartha a chur ar fáil a chuireann freagracht don todhchaí sa lár. Maidir leis seo, is féidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta cur go dearfach ar bhealach uathúil leis an mbithéagsúlacht agus géarchéimeanna aeráide, agus le domhan a bhíonn ag síorathrú agus atá lán le ceisteanna domhanda casta agus idirnasctha.

Tarraingítear aird ar roinnt gnéithe le cur san áireamh a thagann ó dhíospóireachtaí sna ranna roimhe sin, agus gnéithe eile le cur san áireamh atá ábhartha d'fhorbairt Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta.

Scóip agus struchtúr na sonraíochta

Léirigh Roinn 4 fianaise ar ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe thar réimse ábhar sa churaclam lena n-áirítear eolaíocht, na healaíona, na daonnachtaí agus staidéar sóisialta, oideachas reiligiúnach agus morálta. Maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta mar ábhar nua, tá sé in áit dhúshlánach ach áit ar féidir leis teacht i dtír ar chúrsaí maidir le heolas a shonrú. Dúshlán amháin le sonrú is ea an riachtanas le haghaidh soiléireacht agus teorainneacha faoin méid atá san áireamh agus an méid nach bhfuil. Tagann an t-iolrachas agus an 'doiléire' idir na réimsí curaclaim chun cinn nuair a bhíonn iltorthaí mar thoradh ar na coincheapa de OFI, gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe, nuair a chuirtear a nádúr idirdhisciplíneach san áireamh, Kopnina & Merjers, 2014, lch 194).

Tá an deis ann ábhar nua a shainmhíniú a sheasann leis féin ach a bhaineann le, a nascann le agus a chuireann le hábhair eile agus réimsí foghlama sa churaclam. Is é an dúshlán, áfach, ná a chinntiú nach mbíonn an t-ábhar ina chúis le dúbláil cuspóirí agus foghlama ó ábhair eile nach bhfuil gá léi, agus a chinntiú nach mbíonn duine den tuairim go bhfuil an curaclam róphlódaithe.

Is féidir le mí-ailíniú phríomhghnéithe an curaclaim le haidhmeanna agus cuspóirí a bheith ina chúis le bearna mhéadaithe idir an curaclam beartaithe agus an curaclam a chuirtear i bhfeidhm. Tugann taighde (Sullanmaa *et al.*, 2019, Manyukhina & Wyse, 2019) le tuiscint go bhfuil forbairt d'fhís agus cuspóir roinnte laistigh den churaclam ríthábhachtach chun a scóip agus a struchtúr a shoiléiriú.

Foghlaim laistigh agus lasmuigh den seomra ranga

Tá an deis ag Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta leas a bhaint as saibhreas acmhainní agus tionscnamh a chuir gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ar fáil a bhí suntasach roimhe seo chun tacú le foghlaim sa réimse seo.

Maidir le béim na ngníomhaireachtaí agus na dtionscnamh chun gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn in oideachas na hÉireann le deich mbliana anuas, bhí siad leathan agus suntasach araon. Maidir le Scoileanna Glasa, Éirígí agus faigh Cuspóirí (Get Up and Goals), ECO-EOECNA, Trócaire, Worldwise Global Schools, an obair chomhordaithe ar an gclár 'Take 1' i scoileanna ETBI, gan ach cúpla ceann a lua, thacaíodar le cur i bhfeidhm na spriocanna SDG agus le tuiscint níos doimhne de ghníomhú ar son na haeráide agus OFI i scoileanna. Ina theannta sin, cuireann réimse de chomórtais agus de mhargaí (m.sh. an tionscadal SEAI One Good Idea, Junk Kouture agus

tionscnaimh eile mearfhaisin) deiseanna ar fáil don scoláire dul i ngleic leis an aeráid agus le cúrsaí inbhuanaitheachta. Iarrtar arís agus arís eile go leanfaí ar aghaidh le tionchar na gclár agus na ngníomhaireachtaí seo, mar aon le haitheantas dá dtairbhe chun cuir chuige uile-scoile agus iomlánaíochta a chuireann go mór le curaclam foirmiúil a chur chun cinn. Le gairid, cuireann an Líonra Inbhuanaitheachta de Scoileanna na hÉireann, a bunaíodh in Márta 2021, fóram ar fáil do mhúinteoirí agus don scoláire obair lena chéile chun borradh a chur faoi ghníomhú ar son na haeráide, dul i ngleic le cailteanas nádúir, agus tús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht i gcóras oideachais na hÉireann.

Feictear eispéireas na hÉireann go hidirnáisiúnta, áit a bhfuil éagsúlacht líonraí agus tionscnamh tar éis chlár oibre OFI a bhogadh ar aghaidh (CNCM, 2021b, lgh 53-55). Ina measc siúd tá Ionaid Réigiúnacha um Shaineolas (RCEanna) a chuireann FGL ar fáil do mhúinteoirí agus do pháirtithe leasmhara ina dtíortha faoi seach (m.sh., LfS Scotland). Aithnítear Líonra Comhthionscadail EOECA (ASPNet) mar líonra a spreagann nuálaíocht agus SDG 4 á bhaint amach. Is líonra é de thart ar 11,500 scoil agus institiúid oideachasúil i 180+ tír a oibríonn chun tacú le tuiscint idirnáisiúnta, síocháin, comhrá idirchultúrtha, forbairt inbhuanaithe agus oideachas ar ardchaighdeán i gcleachtas. Is príomhthionscnamh é an Clár Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna - an clár domhanda is mó um scoileanna inbhuanaithe - a thosaíonn sa seomra ranga agus a leathnaíonn sa phobal tríd an gcéad ghlúin eile a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim atá bunaithe ar ghníomhú. Tacaíonn an clár le scoileanna chun gníomh a dhéanamh i dtaca leis an athrú aeráide agus le saincheisteanna timpeallachta chun an dámhachtain 'Brat Glas' a bhaint amach. Tá an clár seo forleathan thart timpeall an domhain agus ar fud na hÉireann.

Lasmuigh de shuíomhanna scoile foirmiúla, tá réimse tionscnamh agus struchtúr reatha a d'fhéadfadh scoileanna a nascadh lena bpobail (an Roinn Oideachais, 2022b, lgh 19-21) Má dhéantar uasmhéadú ar na naisc scoile leis na húdaráis áitiúla, na Bailte Slachtmhara agus leabharlanna áitiúla, mar shampla, d'fhéadfadh sé tacú le rannpháirtíocht agus deiseanna do naisc pobalscoileanna ar thionscadail inbhuanaitheachta. Is féidir le gníomhartha áitiúla atá fiúntach tarlú nuair a thacaítear le páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus mianta ngarthimpeallachta agus a ngarphobail. Ar na tionscnaimh sa chomhthéacs Éireannach tá tionscnamh Learning City EOECA, bearta 'glasa' ar leibhéal áitiúil agus athoilúint trí thionscnaimh ghnó a bhaineann le OFI. Tá sé beartaithe ag Cúnamh Éireann, mar shampla, Tionscnamh Pobail athnuaithe a sheoladh, a thógann ar an bhfoghlaim go dáta ó na cláir Saolta agus Óige 2030.

Maidir le forbairt agus soláthar de Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, tabharfaidh sé tuilleadh tacaíochta do chur chuige traschuraclaim agus uile-scoile i dtaca le OFI sna scoileanna. Os a choinne sin, is féidir leis an ábhar tairbhe a bhaint as an bhflúirse acmhainní agus tionscnamh atá ar fáil faoi láthair. Is féidir le comhoibriú pobail, nascadh pobail agus rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí seachtracha agus tionscnaimh áitiúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, freastal ar agus cur leis an bhfoghlaim mar atá leagtha amach i sonraíocht an churaclaim don ábhar seo.

Guth an scoláire agus gníomhú

“Is iad an dream óg agus na glúnta a bheidh le teacht a bheidh fágtha chun dul i ngleic le hiarmhairtí forbairt neamh-inbhuanaithe. Is é a saol faoi láthair agus amach anseo atá i mbaol. Mar fhreagra, is iad na daoine óga atá ag úsáid a nglór agus a ngníomhartha, agus iad ag éileamh athrú práinneach agus cinnte, agus ag cur na freagrachta ar cheannairí an domhain, go háirithe chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Tá na réitigh is cruthaithí agus is cliste acu agus leanann siad lena bhfís chun dúshláin inbhuanaitheachta a thabhairt.”


(EOECNA, 2020, lch 32)

Breathnaítear ar dhaoine óga mar phríomhrannpháirtithe ar ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. Ar na samplaí is déanaí de dhaoine óga ag baint úsáid as a nguth chun tionchar a imirt sa réimse seo tá an clár Climate Ambassador, Comhthionól Óige Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU) atá ar Ghrúpa Comhairleach OFI de chuid na Roinne Oideachais. Léiríonn ceapachán ISSU mar ainmiúchán de Chomhairle CNCM ag an Aire Oideachais an ról síormhéadaithe atá ag an scoláire agus daoine óga i gcúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam.

In áiteanna eile, leanann daoine óga lena nguth a chur in iúl faoi ghníomhú ar son na haeráide go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. In 2019, d’eagraigh scoláirí siúil amach ar fud na hÉireann le haghaidh lá idirnáisiúnta gníomhartha mar chuid de Stailc Aeráide Domhanda faoi stiúir grúpaí scoláirí, Fridays for Future Ireland agus Líonra Scoileanna Gníomhú ar son na hAeráide (Irish Times, 2019). Beidh gá cuimhneamh ar shainnithint faoin mbealach ar féidir le sonraíocht churaclaim deiseanna a chur ar fáil chun guth agus gníomhú an scoláire a chumasú a thuilleadh trí Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a theagasc agus a fhoghlaim.

Oideolaíochtaí chun tacú le foghlaim

I roinn 4, caitheann dearcthaí idirnáisiúnta solas ar an mbealach a mbaineann foghlaim i gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe le dul chun cinn eolais agus scileanna trí chontanam trí dhul i ngleic le ceisteanna ábhartha a bhíonn ag éirí níos casta. Moladh réimse oideolaíochtaí tacaíochta agus glacadh leo go hidirnáisiúnta chun tacú leis an gcineál foghlama seo, roinnt acu atá curtha i láthair i bhFíor 4 thíos. Maidir le hábhar a bhfuil gníomhú mar bhunchloch aige agus a bhfuil sé mar aidhm gníomhú a spreagadh i dtreo todhchaí inbhuanaithe, d’fhéadfadh Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe tairbhe a bhaint as fócas ar chuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a éascaíonn guth an scoláire, smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht, chomh maith le gníomh aonair agus coiteann.



Fíor 4 - Oideolaíochtaí chun tacú le foghlaim OFI (CNCM, 2021b, lch 56)

Le linn an chomhairliúcháin ar an dara straitéis náisiúnta, OFI go 2030, shainithin na páirtithe leasmhara líon 'oideolaíochtaí aitheanta' atá tábhachtach chun foghlaim in OFI a bhaint amach (An Roinn Oideachais, 2022b, lch 9-10), lena n-áirítear na hoideolaíochtaí seo:

- Fadhb-bhunaithe
- Dearadh-bhunaithe
- Dúshlán-bhunaithe
- Foghlaim le cuidiú na teicneolaíochta
- Rannpháirtíoch
- A chuireann luach ar ghuth agus ar ghníomhú an fhoghlaimora
- A chuireann luach ar thábhacht agus machnamh
- A fhágann spás do chruthaitheacht agus samhlaíocht
- Foghlaim ar bhonn fiosraithe
- Foghlaim ar bhonn suíomhanna agus tionscadail.

Bhí páirtithe leasmhara den tuairim freisin gur chóir d'oideolaíochtaí den sórt sin aird a tharraingt ar an taobh mothúcháin ina gcuid aidhmeanna iompraíochtaí an scoláire a athrú sa chaoi agus go mbeidís in ann a bheith rannpháirteach go fiúntach le fadhbanna ceartas domhanda. Maidir le hathrú aeráide go sonrach, tugann Hicks (2019, in Dolan, 2022, lgh 23-24) le fios ceithre ghné foghlama atá riachtanach chun an coincheap a fhiosrú - feasach, mothú, roghnú, agus gníomhú. Léiríonn siad tuiscint iomlánaíoch ar athrú aeráide agus aithníonn siad nach leor feasacht ar athrú aeráide mura gcuirtear athrú dearcaidh, tuiscint i roghanna agus gníomhú scoláire in éineacht leis.

Is gá a bheith cúramach maidir leis an scoláire a theagasc faoi athrú aeráide, a bhí ag brath roimhe seo, i gcásanna áirithe, ar bhearta scanraithe a dhíríonn ar thubaistí nádúrtha agus patrúin athraithe aimsire chun fainic a chur ar dhaoine. Is féidir leis an gcur chuige seo tuirse apacailipteach a spreagadh - trí straitéisí reitriciúla atá dírithe ar an scoláire a spreagadh trí aird a tharraingt ar ghnéithe de chaillteanais thimpeallachta, bíonn an iomarca rudaí sa mhullach orthu agus mothaíonn siad nach féidir leo tionchar a imirt ar an todhchaí (ibid, lch 285). Os a choinne sin, níl i ngníomhú le dearfach ar mhaithe le clú go réitíonn gníomhaíochtaí sa seomra ranga deacrachtaí athrú aeráide ach cur i gcéill agus tá sé de chumas inní faoin gcomhshaol a mhéadú seachas é a laghdú. Baineann oideolaíocht de dhóchas fiúntach le héiginnteacht don todhchaí, ach san éiginnteacht sin tá áit le gníomhú. Níl an chreidiúint dhall go bhfuil 'gach rud ceart go leor', ach seachas sin díritear aird ar thodhchaí inmhianaithe (m.sh. saor ó charbón) agus na cineálacha gníomhartha is féidir a dhéanamh chun dul i dtreo na todhchaí seo. Cuireann cuir chuige oideolaíochta mar sin fóram dóchais ar fáil 'a mbíonn bonn eolais faoi insintí de mhianach, folláine, sláinte agus inbhuanaitheacht' (ibid, lch 286). Agus forbairt ar an ábhar ag dul chun cinn, bheadh tairbhe le baint as conas an tsonraíocht a mheas chun dóthain spáis agus ama a chur ar fáil chun oideolaíochtaí a chomhtháthú agus a leabú.

Toilleadh

Is féidir le hoideachas faoi athrú aeráide a bheith dúshlánach go coincheapúil (Shepardson *et al*, 2012), agus bíonn gá le leibhéal suntasach d'eolas coincheapúil mar aon le hábhar eolais oideolaíochta. Léiríonn suirbhé le gairid a rinne EOECA agus Education International (EOECNA, 2021b) nach gceapann ach an ceathrú cuid de mhúinteoirí go bhfuil siad réidh téamaí ábhartha OFI a theagasc, cé go mbíonn siad spreagtha teagasc a dhéanamh sa réimse seo. Thairis sin, tá níos lú ná 40% de mhúinteoirí muiníneach teagasc ar an athrú aeráide, ag lua clúdach easnamhach an réimse seo i gcuraclaim agus in oideachas múinteora. Mar ábhar dóchais, féachann líon mór de mhúinteoirí (95%) air seo mar fhoghlaim ranga den ardtábhacht agus tá 80% toilteanach níos mó oiliúna a dhéanamh sna réimsí OFI agus Oideachas um Shaoránacht dhomhanda (GCE). Agus forbairt ag dul chun cinn ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, bheadh sé tairbheach díograis na múinteoirí a aithint agus dul i ngleic leis an réimse foghlama mar aon leis na dúshláin féideartha ó thaobh toillte de.

Achoimre ar an Rannóg

- Maidir le forbairt agus soláthar de Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, tabharfaidh sé tuilleadh tacaíochta le cuir chuige thraschuraclaim agus uile-scoile i dtaca le OFI sna scoileanna.
- Is féidir leis an ábhar tairbhe a bhaint as an bhflúirse acmhainní agus tionscnamh atá ar fáil faoi láthair sa réimse ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe.
- Féachtar ar chumasú agus spreagadh daoine óga mar ghné lárnach do chúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta. Trí Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta a mhúineadh agus a fhoghlaim, bíonn deiseanna ann guth agus gníomhú an scoláire a chumasú arís ar cheisteanna áitiúla, náisiúnta, agus domhanda.
- Ba chóir go mbeadh Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta difriúil ó ábhair eile, ach ba chóir cur leis na hábhair eile, chun dúbailt agus róphlódú nach bhfuil gá leis sa churaclam a sheachaint. Maidir leis seo, tá sé fíorthábhachtach fíis agus cuspóir roinnt a fhorbairt chun scóip agus struchtúr an ábhair a shoiléiriú.
- Glacadh le raon oideolaíochtaí chun foghlaim bhríoch a chumasú i ngníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. Agus an t-ábhar seo á dhearadh, tá gá lena dhóthain spáis agus ama a chur ar fáil chun na cuir chuige seo a leabú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim.
- In ainneoin na díograise soiléire chun dul i ngleic le hoideachas ar athrú aeráide, bíonn deacrachtaí coincheapúla ann do mhúinteoirí a bhíonn ag teagasc sa réimse seo.

6. Treoir don fhorbairt ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta

Bunóidh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoi thasc chun sonraíocht churaclaim a fhorbairt don ábhar nua, Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach leagtha amach thíos.

Forbróidh Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta chun tacú le cuspóir na físe a bhaint amach le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha mar a leagtar amach in Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Cuireann na treoirphrionsabail caighdeán ar fáil don ghrúpa forbartha mar a chuirtear síos orthu sa Tuarascáil Chomhairleach le linn dóibh a bheith ag ullmhú sonraíocht churaclaim le haghaidh Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta.

Beidh an tsonraíocht scoláire-láraithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cálíochtaí. Beidh sí ar fáil ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad ar aontaigh an Chomhairle leis, do shonraíochtaí curaclaim a bhfoilseoidh CNCM iad i R4, 2022 i ndiaidh tuilleadh taighde ar nádúr agus ar dhearadh na sonraíochtaí curaclaim do chéim oideachais na sraithe sinsearaí. Ina theannta sin, déanfaidh taighde a rinne CNCM eolas do dhearadh na sonraíochta, i gcomhoibriú le CSS, maidir le hualú, uainiú agus measúnú na gcomhphárteanna atá sa bhreis ar na scrúduithe scríofa.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích le haghaidh fhómhar na bliana 2023.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- an chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí
- an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar agus chun cur léi agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile chomh maith le foghlaim as seo amach sa saol, i staidéar, i bprintiseachtaí, i gcúrsaí oiliúna, in ardoideachas agus i mbreisoideachas agus sa saol oibre
- an bunús atá le staidéar a dhéanamh ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, é a dhéanamh trédhearcach agus soiléir don scoláire, do na múinteoirí, agus do na tuismitheoirí laistigh den tsonraíocht
- conas an t-ábhar a dhéanamh níos taitneamhaí agus chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn maidir le roghnú an ábhair
- an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus, fócas soiléir a bheith aici ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann an scoláire a eolas, a chuid scileanna, luachanna agus meonta
- an chaoi chun teicneolaíocht a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm i múinteoireacht, foghlaim agus measúnú.
- an chaoi le spreagadh a thabhairt do ghuth an scoláire agus cumas bainteach i dtreo foghlama ar feadh an tsaoil
- An chaoi chun roinnt deiseanna éagsúla agus cuí a thabhairt don scoláire a chuid foghlama a bhaint amach agus a thaispeáint

- an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacaíocht a thabhairt don scoláire chun tuiscint a fháil ar ábharthacht ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe ina shaol laethúil agus ar ábharthacht agus tábhacht an ábhair sa 21ú haois
- idirnascacht de na gnéithe sóisialta, eacnamaíocha, timpeallachta, polaitiúla agus cultúrtha de cheisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta
- an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt na litearthachta aeráide agus le cumas gníomhaithe an scoláire agus iad ag dul i ngleic le ceisteanna casta agus todhchaí inbhuanaithe a cheapadh
- an chaoi ar féidir leis an scoláire tarraingt ar eolas idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach, scileanna agus meonta chun smaointe agus réitigh a fhorbairt do réimse dúshlán inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide, agus na cineálacha oideolaíochtaí chun an méid sin a chothú
- deiseanna don scoláire dul i ngleic le ceisteanna, daoine, caidrimh, comhthéacsanna, lucht féachana, agus timpeallachtaí chun fadhbanna aeráide agus inbhuanaitheachta dáiríre agus ábhartha a fhiosrú a dteastaíonn mínithe, réitigh nó nuálaíochtaí uathu
- an chaoi le hidirdhealú a dhéanamh ar dhoimhneacht choincheapúil chun freastal ar riachtanais réimse leathan scoláirí; mar shampla, iad siúd ar mian leo dul ar aghaidh go gairmeacha trí oideachas tríú leibhéal nó printíseachtaí, nó iad siúd a rachaidh bealaí eile ach ar mian leo a bheith mar shaoránaigh liteartha inbhuanaitheachta agus aeráide.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhorhíniú agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

Tagairtí

Dolan, A.M. (2022) *Teaching Climate Change in Primary Schools: An interdisciplinary approach*, Abingdon, Oxon; Nua-Eabhrac: Routledge.

An Coimisiún Eorpach (2019) *Opening Statement in the European Parliament Plenary Session by Ursula von der Leyen, Candidate for President of the European Commission* [ar líne]. Ar fáil: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/SPEECH_19_4230 (rochtain ar an 10 Aibreán, 2022).

Rialtas na hÉireann, (2019) *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019* [ar líne]. Ar fáil: <https://assets.gov.ie/25419/c97cdecddf8c49ab976e773d4e11e515.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

Rialtas na hÉireann (2021) *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021* [ar líne]. Ar fáil: <https://assets.gov.ie/203558/f06a924b-4773-4829-ba59-b0feec978e40.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

An Painéal idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) (2022) *Climate Change 2022: Mitigation of Climate Change* [ar líne] Ar fáil: https://report.ipcc.ch/ar6wg3/pdf/IPCC_AR6_WGIII_FinalDraft_Chapter04.pdf (rochtain ar an 3 Bealtaine, 2022).

Éire: An Roinn Oideachais (2022a) *OFI go 2030: An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe* [ar líne] Ar fáil: <https://www.gov.ie/en/publication/8c8bb-esd-to-2030-second-national-strategy-on-education-for-sustainable-development/> (rochtain ar an 29 Meitheamh, 2022).

Éire: An Roinn Oideachais (2022b) *An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe go 2030: Dréacht-tuarascáil ar na príomhthéamaí atá ag teacht as an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.*

Éire: An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (1999) *Curaclam na Bunscoile*. [ar líne]. Ar fáil: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/c4a88a62-7818-4bb2-bb18-4c4ad37bc255/PSEC_Introduction-to-Primary-Curriculum_Eng.pdf (rochtain ar an 11 Márta, 2022).

Éire: An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), (2014) ‘*Oideachas don Inbhuanaitheacht: an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020*’ [ar líne]. Ar fáil: <https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/National-Strategy-on-Education-for-Sustainable-Development-in-Ireland-2014-2020.pdf> (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

Éire: An Roinn Oideachais agus Scileanna, (ROS) (2015) *Creat don tSraith Shóisearach* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncca.ie/media/3249/framework-for-junior-cycle-2015-en.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

Irish Times (2019) *Climate change strike: Irish students join millions protesting globally* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.irishtimes.com/news/world/asia-pacific/climate-change-strike-irish-students-join-millions-protesting-globally-1.4024673> (rochtain ar an 8 Bealtaine, 2022).

Kopnina, H. & Meijers, F. (2014) “Education for sustainable development (ESD) Exploring theoretical and practical challenges,” *International Journal of Sustainability in Higher Education*, 15, lgh 188-207.

Manyukhina, Y. & Wyse, D. (2019) “Learner agency and the curriculum: a critical realist perspective,” *The Curriculum Journal*, 30, Eagrán 3, lgh 223-243.

Milér, T. & Sládek, P. (2011) “The climate literacy challenge,” *International Conference on Education and Educational Psychology (ICEEPSY 2010)*, 12, lgh 150-156.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige: Prionsabail agus Téamaí* [ar líne]. Ar fáil: https://curriculumonline.ie/getmedia/484bcc30-28cf-4b24-90c8-502a868bb53a/Aistear-Principles-and-Themes_EN.pdf (rochtain ar an 4 Aibreán, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) (2018a) *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta* [ar líne]. Ar fáil: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/3342d8a2-1e22-4f17-b82b-a8134fe16eb3/LCEconomics_0219_EN.pdf (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, (CNM) (2018b) *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.curriculumonline.ie/getmedia/d73af6e3-b4e5-4edb-a514-6383e2306a4b/16626-NCCA-Specification-for-Leaving-Certificate-CS-WEB-v4.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) (2018c) *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9ad3071d-b58d-4988-9afc-f4e229ceb864/NCCA-Specification-for-Leaving-Cert-Agricultural-Science.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) (2019) *Sonraíocht Churaclaim le haghaidh An Pholaitíocht agus an tSochaí de chuid na hArdteistiméireachta* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.curriculumonline.ie/getmedia/ee597f5d-180a-4531-ba50-2f4c966f2df3/Politics-and-Society-new.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncca.ie/media/4870/en-primary-curriculum-framework-dec-2020.pdf> (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, (CNM) (2021a) *Aistear á Nuashonrú: Réasúnaíocht agus próiseas* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncca.ie/media/5053/updating-aistear-rationale-and-process-background-paper-2021.pdf> (rochtain ar an 3 Aibreán, 2022)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) (2021b) *Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: Iniúchadh Curaclaim Idirnáisiúnta - Tuarascáil ar Phríomhthorthaí* [ar líne]. Ar fáil: <https://ncca.ie/en/resources/education-for-sustainable-development-esd-international-curriculum-audit/> (rochtain ar an 1 Aibreán, 2022)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) 2022 *Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an tSraith Shinsearach* [ar líne]. Ar fáil: https://ncca.ie/media/5399/scr-advisory-report_en.pdf (rochtain ar an 2 Aibreán, 2022).

New Zealand Ministry of Education (2010) *Rationale: Why Study Education for Sustainability? (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: <https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability/Rationale> (rochtain ar an 14 Meitheamh, 2021).

Rialtas na hAlban (2008) *Curriculum for Excellence: Building the Curriculum 3: A Framework for Learning and Teaching* [ar líne]. Ar fáil: <https://education.gov.scot/media/0cvddrgh/btc3.pdf> (rochtain ar an 11 Iúil, 2021).

Rialtas na hAlban (2009) *Curriculum for Excellence: Building the Curriculum 4: Skills for Learning, Skills for Life and Skills for Work* [ar líne]. Ar fáil: <https://education.gov.scot/media/tcnk33qn/btc4.pdf> (rochtain ar an 11 Iúil, 2021).

Shepardson, D.P., Niyogi, D., Roychoudhury, A. agus Hirsch, A., (2012) "Conceptualizing climate change in the context of a climate system: Implications for climate and environmental education," *Environmental Education Research*, 18(3), lgh 323-352.

Sullanmaa, J., Pyhältö, K., Pietarinen, J. & Soini, T. (2019) "Curriculum coherence as perceived by district-level stakeholders in large-scale national curriculum reform in Finland," *The Curriculum Journal*, 30(3), lgh 244-263.

EOECNA (2017) *Education for Sustainable Development Goals: Learning objectives*. Ar fáil: <http://unesdoc.unesco.org/images/0024/002474/247444e.pdf> (rochtain ar an 30 Márta, 2022).

EOECNA (2020) *Education for Sustainable Development: a Roadmap* [ar líne]. Ar fáil: <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374802.locale=en> (rochtain ar an 4 Aibreán, 2022).

EOECNA (2021) *Berlin Declaration on Education for Sustainable Development* [ar líne]. Ar fáil: <https://en.unesco.org/sites/default/files/esdfor2030-berlin-declaration-en.pdf> (rochtain ar an 3 Aibreán, 2022).

EOECNA (2021a) *Getting every school climate-ready: how countries are integrating climate change issues in education* [ar líne]. Ar fáil: <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000379591> (rochtain ar an 4 Aibreán, 2022).

EOECNA (2021b) *Teachers have their say: Motivation, skills and opportunities to teach education for sustainable development* [ar líne]. Ar fáil: <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000379914> (rochtain ar an 3 Aibreán, 2022).

Na Náisiúin Aontaithe (1987). *Our Common Future: Report of the World Commission on Environment and Development* (the Brundtland Report) [ar líne]. Ar fáil: <https://www.are.admin.ch/are/en/home/media/publications/sustainable-development/brundtland-report.html> (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

United Nations Department of Economic and Social Affairs (gan dáta). *Sustainable Development: the 17 Goals* [ar líne]. Ar fáil: <https://sdgs.un.org/goals> (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment